An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Ciorclán 0061/2018

Chuig: Príomhoidí Meánscoileanna, Pobalscoileanna, Scoileanna Cuimsitheacha agus Scoileanna BOO agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Treoirlínte maidir le rochtain ar chúrsaí iar-Ardteistiméireachta (PLC) do rannpháirtithe áirithe sa phróiseas tearmainn don bhliain acadúil 2018/2019.

Tagraím do Chiorclán 0055/2017. Beifear ag leanúint ar aghaidh le socruithe píolótacha maidir le rochtain ar PLC don bhliain acadúil 2018/19 ar an mbonn seo a leanas do na trí ghrúpa ar leith dá dtagraítear sa Chiorclán sin (iarratasóirí ar thearmann, iarratasóirí ar chosaint choimhdeach agus iad siúd atá ag céim an cheada fanachta ach nach bhfuil ordú díbeartha eisithe ina leith go fóill).

Ní mór d'iarratasóirí sa chóras cosanta ar mian leo tacaíocht a fháil chun tabhairt faoi chúrsaí áirithe sa bhreisoideachas nó ag leibhéal fochéime san ardoideachas na critéir seo a leanas a shásamh:

- An sainmhíniú ar iarratasóir cosanta nó ar dhuine atá ag céim an cheada fanachta (seachas iad siúd atá ag céim an orduithe díbeartha) a shásamh;
- An Ardteistiméireacht a bheith bainte amach acu;
- Go bhfuil glactha leo ar chúrsa iar-Ardteistiméireachta atá ceadaithe nó ar chúrsa fochéime atá ceadaithe;
- Cúig bliana acadúil ar a laghad a bheith caite acu i gcóras scoile na hÉireann, amhail an 31 Lúnasa 2018; agus
- A bheith mar chuid d'iarratas ar chosaint nó ar chead fanachta ar feadh tréimhse chomhcheangailte 5 bliana amhail an 31 Lúnasa 2018.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht don scéim phíolótach speisialta tacaíochta agus breis eolais faoin mbealach chun cur isteach air ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne;

https://www.education.ie/en/Learners/Services/Pilot-Support-Scheme/Pilot-Support-Scheme.html

Phil O'Flaherty
Príomhoifigeach
An Rannán Breisoideachais agus Oiliúna
24 Meán Fómhair 2018

Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96
Marlborough St, Dublin 1, D01 RC96
T +353 1 889 6400 | name@department.gov.ie
www.education.ie